

Cuid B: Treoirlínte Oibríochtúla

B5. Doiciméid a Choinneáil.

Taifid a Choinneáil

Ní mór do **BOO/Scoil/Ionad** mar *rialaitheoirí sonraí* a bheith soiléir faoin tréimhse ama dá gcoinneofar sonraí pearsanta agus na cúiseanna ar a bhfuil an fhaisnéis sin á coinneáil. Agus tréimhsí coinneála iomchuí á gcinneadh, ní mór aird a thabhairt ar aon oibleagáidí reachtúla a fhorchuirtear ar rialaitheoir sonraí. Murab ann don chúis dá bhfuarthas an fhaisnéis a thuilleadh agus nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis phearsanta a thuilleadh, ní mór na sonraí a scriosadh nó a dhiúscairt ar bhealach slán. Féadfar an fhaisnéis a dhéanamh anaithnid chomh maith chun aon sonraí pearsanta a bhaint. Caithfidh anaithnidiú a bheith do-chúlghairthe; ní leor é ainmneacha agus seoltaí a bhaint i gcásanna áirithe.

Chun an ceanglas dlíthiúil sin a chomhlíonadh, shann <Named school/ETB> freagracht shonrach agus thug sí isteach nósanna imeachta lena chinntiú go ndéantar comhaid a ghlanadh go rialta agus ar bhealach slán agus nach gcoinnítear aon sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá. Déanfar athbhreithniú ar na taifid uile ar bhonn tréimhsiúil bunaithe ar thaithí agus aon táscairí dlíthiúla nó aon táscairí ábhartha eile.

TÁBHACHTACH: I ngach cás, ba cheart go mbeadh **BOO/Scoil/Ionad** ar an eolas, i gcás inar cuireadh tús le himeachtaí, nó go bhfuil siad ar siúl, nó go bhfuil sé inmheasta go réasúnta go ndéanfar amhlaidh (cé nár cuireadh tús leis na himeachtaí sin fós i gcoinne **BOO/na Scoile/an Ionaid**/bhord bainistíochta/oifigeach nó fhostaí an **BOO/na Scoile/an Ionaid** (lena n-áirítear oibrí deonach), nach mór na taifid uile a bhaineann leis na daoine agus na teagmhais atá i gceist a chaomhnú agus nár cheart iad a scriosadh, a dhiúscairt ná a ghlanadh ar chor ar bith. D’fhéadfadh na taifid sin a bheith ina gcúnamh mór do **BOO/don Scoil/don Ionad** chun éilimh arna ndéanamh sna blianta ina dhiaidh sin a chosaint.

RABHADH: Go ginearálta, ní chuirfeadh tús leis an tréimhse teorann go dtí go gcuirfeadh an duine lena mbaineann ar an eolas faoi na fíricí as a d’eascair an t-éileamh agus d’fhéadfadh Reacht na dTréimhsí a bheith difriúil i ngach cás. I ngach cás, má dhéantar tagairt do “18 mbliana” mar an dáta ar a gcuirtear tús leis an tréimhse ábhartha a leagtar amach i Reacht na dTréimhsí chun críche na dlíthíochta, ní mór don **BOO/Scoil/Ionad** a bheith ar an eolas i gcásanna áirithe (cuir i gcás mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici, nó i gcás ina mbaineann an t-éileamh le drochúsáid ghnéasach leanaí, nó i gcás nach bhfuil an mac léinn feasach ar an díobháil a ndearnadh dó/di, agus i roinnt cúinsí eile), **d’fhéadfaí nach gcuirfeadh tús le Reacht na dTréimhsí tráth a bhaineann an mac léinn 18 mbliana d’aois amach agus ba cheart don BOO/Scoil/Ionad comhairle dlí shonrach a lorg ar bhonn cás ar chás.** I ngach cás inar moladh tréimhsí coinneála maidir leis an tréimhse reachtúil ábhartha ina bhféadfaidh duine éileamh a dhéanamh, d’fhéadfadh nach mbeadh feidhm ag na frámaí ama sin i gcás ina ndearnadh mífhaisnéis, dallamullóg nó calaois ar thaobh an fhreagróra/chosantóra. I gcás mar sin, ba cheart go mbeadh a fhios ag an **BOO/Scoil/Ionad** go bhféadfaí éileamh a dhéanamh roinnt blianta tar éis an teagmhais atá mar ábhar gearáin agus seans nach measfaidh na cúirteanna/bínsí/fóiraim fostaíochta go bhfuil an “t-am istigh” don ghearánaí chun éileamh a dhéanamh.

Taifid a bhaineann le 1. Baill Foirne agus Oibrithe Deonacha 2. Mic Léinn/Oiliúnaithe/ Foghlaimeoirí Aosacha BOO 3. Conraitheoirí BOO.	Bunscoil	An Earnáil Dheonach	Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha	BOO	Stialladh rúnda	Tráchtanna
Foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána & an toradh.	N/B mar ní dhéanfar grinnfhiosrúcháin ar dhaltáin bunscoile	Coinneofar taifead ar an toradh ar feadh 12 mhí.	Coinneofar taifead ar an toradh ar feadh 12 mhí.	Coinneofar taifead ar an toradh ar feadh 12 mhí.	Stialladh rúnda	Coinneofar taifead ar an toradh ar feadh 12 mhí. Coinneoidh BOO/an Scoil/an tIonad uimhir thagartha agus dáta an nochta ar taifead, agus beifear ábalta iad sin a sheiceáil leis an nGarda Síochána amach anseo.

Sliocht as www.dataprotectionschools.ie (Sceideal Coinneála i ndáil le hAcmhainní/Taifid)